

Eleathanach299

Dé Luain 24 Meán Fómhair 2018

Westlife ag teacht ar ais

Tá an grúpa ceoil Westlife ag obair le chéile arís! Scríobhfaidh Ed Sheeran an chéad amhrán nua don ghrúpa. Bhí an cheolchoirm dheireanach acu in 2012. Tá an-áthas ar gach duine anois.

Ní bheidh Brian McFadden ag teacht ar ais, áfach. Beidh ceolchoirmeacha acu go luath. Chan Westlife den chéad uair sa bhliain 1998. An t-amhrán is fearr a chan Westlife ná *Flying Without Wings*.


Is iad seo na fir atá sa ghrúpa ceoil: Shane Filan, Mark Feehily, Kian Egan agus Nicky Byrne. Is Éireannaigh iad. Bhí Louis Walsh mar bhainisteoir ar an ngrúpa. Go n-éirí le Westlife ó Eleathanach!



Orla Kiely

Is dearthóir faisín í Orla Kiely. Tá cónaí uirthi i Sasana ach rugadh i mBaile Átha Cliath í. Tá beirt pháistí aici. Bhuaigh sí go leor duaiseanna thar na blianta.

Bhí íomhá dá mála cáiliúil ar stampa na hÉireann in 2010. Tá málaí Orla Kiely le feiceáil ar fud na hÉireann. Tá patrún deas orthu. Ach tá deireadh tagtha anois leis an mbranda seo agus ní fheicfidh tú na málaí seo sna siopaí níos mó.



Turasóir ag dul go dtí an ghealach

Ar chuala tú faoi *SpaceX*? Tá comhlacht ag Elon Musk agus ba mhaith leis an gcomhlacht seo turasóirí a thabhairt ar thuras timpeall ar an ngealach.

Yusaka Maezawa is ainm don chéad turasóir a rachaidh ar an turas seo. Is as an tSeapáin dó. Is billiúnaí é. Rachaidh sé chuig an ngealach ar roicéad. *Big Falcon* is ainm don roicéad. Tá sé ag súil go mór leis an turas seo!